C/2024/497

23.1.2024

P9_TA(2023)0222

Dréachtbhuiséad leasaitheach 1/2023: Coigeartuithe teicniúla a thagann ó na comhaontuithe polaitiúla ar thángthas orthu maidir le roinnt tograí reachtacha, lena n-áirítear maidir le REPowerEU, an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus Clár an Aontais um Nascacht Shlán

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meitheamh 2023 ar an seasamh ón gComhairle maidir le Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2023 an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023 – coigeartuithe teicniúla a eascraíonn as na comhaontuithe polaitiúla ar thángthas orthu maidir le roinnt tograí reachtacha, lena n-áirítear maidir le REPowerEU, leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus le clár an Aontais um Nascacht Shlán (COM(2023)0150 – C9-0173/2023 – 2023/0080(BUD))

(C/2024/497)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2023, mar a glacadh go cinntitheach é an 23 Samhain 2022 ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([3]),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([4]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ([5]),

— ag féachaint do Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2023, a ndearna an Coimisiún é a ghlacadh an 16 Márta 2023 (COM(2023)0150),

— ag féachaint don seasamh ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2023 a ndearna an Chomhairle é a ghlacadh an 16 Bealtaine 2023 agus é a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa an 17 Bealtaine 2023 (08566/2023 – C9-0173/2023),

— ag féachaint do Rialacha 94 agus 96 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0209/2023),

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 58, 23.2.2023, lch. 1.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([4]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([5]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

A. de bhrí go bhfuil Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2023 ceaptha go príomha chun na hathruithe teicniúla is gá a thabhairt isteach ar bhuiséad 2023, a eascraíonn as na comhaontuithe polaitiúla ar thángthas orthu maidir le roinnt tograí reachtacha, go háirithe maidir le REPowerEU, leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (CBAM) agus le clár an Aontais um Nascacht Shlán;

B. de bhrí go bhfuil coigeartuithe i nDréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2023 freisin ar ranníocaíocht an Aontais nó ar líon foirne gníomhaireachtaí éagsúla chun athruithe ar a sainorduithe agus ar phlean bunaíochta na Gníomhaireachta um an tSláinte agus an Digitiú a chur san áireamh agus méadú ar leibhéal leithreasuithe an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) chun táillí dlí a mhaoiniú tar éis méadú ar chásanna dlíthíochta a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS);

C. de bhrí gurb ionann glantionchar foriomlán Dhréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 1/2023 ar chaiteachas agus méadú EUR 52,6 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, agus de bhrí nach n-iarrtar aon leithreasaí breise faoi chomhair íocaíochtaí;

1. ag cur sonrú i nDréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 1/2023 mar a thíolaic an Coimisiún é;

2. á athdhearbhú, chun urraim níos fearr a thabhairt do shainchumais an údaráis bhuiséadaigh, gur cheart don Choimisiún dréachtbhuiséid leasaitheacha a thíolacadh le haghaidh aon chuspóir amháin agus staonadh ó roinnt cuspóirí a chur le chéile i ndréachtbhuiséad leasaitheach aonair;

3. á mheabhrú gur cheart don Choimisiún faisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil maidir leis na hathruithe éagsúla atá beartaithe, amhail na ráitis airgeadais reachtacha, chun go mbeidh an t-údarás buiséadach in ann measúnú cuí a dhéanamh ar na hathruithe buiséadacha;

4. á chur in iúl gur geal léi go léirítear i nDréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2023 an ráiteas airgeadais reachtach athbhreithnithe mar thoradh ar chinneadh an reachtóra maidir le samhail rialachais níos láraithe do CBAM; á mheas gur sampla soiléir den bhreisluach Eorpach í samhail den sórt sin agus á aithint go dteastaíonn leibhéal áirithe d'acmhainní breise daonna agus buiséadacha ón tsamhail sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go n-ídíonn na leithreasuithe comhfhreagracha codanna den chorrlach neamh-leithdháilte atá fágtha agus fíorghann cheana féin faoi cheannteideal 3, lena n-áirítear a tosaíochtaí seanbhunaithe cosúil leis an gClár LIFE, lena gcuirtear na línte buiséid faoin gceannteideal sin in iomaíocht agus faoi mhíbhuntáiste; á iarradh ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear an tsaincheist sin san áireamh sa togra atá ar na bacáin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil agus acmhainní breise a mholadh don cheannteideal faoi seach dá réir sin;

5. ag cur sonrú i ráiteas aontaobhach ón gCoimisiún maidir le hacmhainní daonna a mhaoiniú do CBAM, ar dá réir a bheidh acmhainní breise ag teastáil ón gCoimisiún; á mheabhrú gur cheart foireann chuí a bheith ag institiúidí an Aontais agus acmhainní leormhaithe a bheith acu chun go mbeidh siad in ann a gcúraimí a chomhlíonadh agus gur dócha go mbeidh an leagan amach a roghnóidh an reachtóir níos saoire ar an iomlán do na Ballstáit ná an tsamhail dhíláraithe a mhol an Coimisiún; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac na comhreachtóirí le leas an Aontais i gcoitinne maidir le soláthar foirne agus acmhainní leormhaithe a áirithiú;

6. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cur i bhfeidhm ceart agus comhsheasmhach RGCS a áirithiú agus á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, an togra chun leithreasuithe a mhéadú do MECS;

7. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2023;

8. á threorú dá hUachtarán a dhearbhú go bhfuil Buiséad Leasaitheach Uimh. 1/2023 glactha go cinntitheach agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;

9. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.